CINNEADH (CBES) 2020/1586 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Deireadh Fómhair 2020

lena leasaítear Cinneadh 2010/573/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne cheannaireacht réigiún Tras-dnístria Phoblacht na Moldóive

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Meán Fómhair 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/573/CBES [1] maidir le bearta sriantacha i gcoinne cheannaireacht réigiún Tras-dnístria Phoblacht na Moldóive.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2010/573/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha i gcoinne cheannaireacht réigiún Tras-dnístria Phoblacht na Moldóive go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2021. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar an staid maidir leis na bearta sriantacha tar éis sé mhí.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/573/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal (4)2 de Chinneadh 2010/573/CBES:

"2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2021. Déanfar athbhreithniú leanúnach air. Déanfar é a athnuachan nó a leasú, de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

[1] Cinneadh 2010/573/CBES ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2010 maidir le bearta sriantacha i gcoinne cheannaireacht réigiún Tras-dnístria Phoblacht na Moldóive (IO L 253, 28.9.2010, lch. 54).